# Fógra Láithreáin le haghaidh Forbartha faoin Tríú Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED III)

Tá sé beartaithe agam/againn

______________________________________________________________________

**iarratas a dhéanamh ar:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| [ ] | **Cead** | [ ] | **Cead Sracléaráide** |
| [ ] | **Cead Coinneála** | [ ] | **Cead de dhroim cead sracléaráide a dheonú (Uimhir Thagartha an Chláir: __________)** |

**Le haghaidh forbartha ag an seoladh láithreáin seo a leanas:**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Is é atá/ a bheidh i gceist leis an bhforbairt:**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Cumhdaítear an fhorbairt seo le forálacha an Tríú Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2023/2413) agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir go mbeidh an t-iarratas pleanála faoi réir alt 34D den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. I gcás go n-eiseofar fógra de réir alt 34D(b), beidh feidhm ag forálacha Airteagal 26A de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 go 2025.**

**Féadfar an tIarratas Pleanála a iniúchadh, nó féadfar é a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an Údaráis Pleanála le linn a uaireanta oscailte don phobal.**

**Oifig:** Comhairle Contae Fhine Gall, Halla Contae Fhine Gall, An Phríomhshráid, Sord, Fine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath
Uaireanta Oscailte: 09.30 go 16.30 ó Luan go hAoine. (Uaireanta oscailte Oifig an Airgid: 09.30 go 15.30)

______________________________________________________________________

**Féadfar aighneacht nó tuairim i dtaca leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála ar an táille fhorordaithe €20 a íoc laistigh de thréimhse–**

**a. [ ] 5 seachtaine, nó**

**b. [ ] 2 sheachtain, i gcás iarratas pleanála ar fhorbairt trealaimh grianfhuinnimh ar mhionscála nó ar fhorbairt arb éard í teaschaidéal ar mhionscála nach teaschaidéal foinse talún a shuiteáil,**

**dar tosach an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus breithneoidh an t-údarás pleanála aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige ar an iarratas. Féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan aon choinníollacha a fhorchur nó féadfaidh sé diúltú do chead a dheonú.**

**Síniú:** ______________________________________________________________

*(Más gníomhaire a shínigh é seo, ní foláir seoladh an ghníomhaire a sholáthar thíos.)*

______________________________________________________________________

**Dáta cur suas an Fhógra Láithreáin:**_______________________________
Fógra don Iarratasóir: Cinntigh, le do thoil, go gcuirtear d'iarratas isteach laistigh de dhá sheachtain ón dáta a chuirtear an Fógra Láithreáin suas.

**BAINFEAR AN FÓGRA LÁITHREÁIN SEO ANUAS TAR ÉIS FÓGRA A FHÁIL FAOIN gCINNEADH ÓN ÚDARÁS PLEANÁLA**

**Nóta do Thríú Páirtithe:**
Is ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ag an bpobal atá na hiarratais phleanála a fhaigheann Comhairle Contae Fhine Gall. Chun amharc ar iarratais nó chun aighneacht/agóid a dhéanamh, tabhair cuairt ar an Tairseach Pleanála ag www.fingal.ie/planning.
Foilsítear gach aighneacht agus agóid ar shuíomh Gréasáin na Comhairle i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla.

**Treoracha le haghaidh an fógra seo a líonadh**

1. Is ceart ainm an Údaráis Pleanála ar chuige a dhéanfar an t-iarratas pleanála a inscríobh.

2. Is ceart ainm an iarratasóra ar chead (agus ní ainm a ghníomhaire nó a gníomhaire) a inscríobh.

3. Is iad seo a leanas na cineálacha ceada a bhféadfar iad a lorg – Cead; Cead Coinneála; Cead Sracléaráide; agus Cead de dhroim Cead Sracléaráide a Dheonú. Má tá Cead de dhroim Cead Sracléaráide a Dheonú á lorg, is ceart uimhir thagartha an cheada sracléaráide iomchuí ar an gclár pleanála a chur ar fáil. (Cuir tic leis an mbosca de réir mar is cuí ar an bhfógra samplach).

4. Is ceart suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an déanmhais lena mbaineann an t-iarratas a inscríobh.

5. Is ceart an aimsir láithreach a úsáid i gcás go bhfuil Cead Coinneála á lorg.

7. Is ceart tuairisc ghearr ar chineál agus méid na forbartha a inscríobh, agus an méid seo a leanas a bheith ann sa tuairisc sin–
    a. cén cineál forbartha faoin Tríú Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a mbaineann an t-iarratas leis (e.g., stóráil fuinnimh chomhshuite; forbairt grianfhuinnimh iomchuí; forbairt fuinnimh in-athnuaite; forbairt athchumhachtaithe; teaschaidéal ar mhionscála nach teaschaidéal foinse talún; forbairt trealaimh grianfhuinnimh ar mhionscála),
    b. i gcás go mbaineann an t-iarratas le déanmhas a choinneáil, cineál úsáid bheartaithe an déanmhais agus, i gcás gur cuí, an tréimhse a mbeartaítear an déanmhas a choinneáil lena linn.
    c. i gcás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arbh éard í oibreacha a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe, léiriú air sin.
    d. i gcás go ndearnadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú i leith an iarratais pleanála, léiriú air sin.
    e. i gcás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arb éard í gníomhaíocht, nó ar chun críocha gníomhaíochta í, a bhfuil gá le ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó le ceadúnas dramhaíola ina leith, léiriú air sin.
    f. i gcás go mbaineann iarratas pleanála le forbairt i gcrios forbartha straitéisí, léiriú air sin, nó
    g. i gcás go mbaineann iarratas pleanála le forbairt arb éard í bunachas, de réir bhrí Chuid 11 de na Rialacháin seo (an Treoir um Mórthionóiscí), a sholáthar nó a mhodhnú, léiriú air sin,
    h. i gcás go bhfuil tuairim ar mhionsonraí neamhdheimhnithe ag gabháil leis an iarratas, léiriú ar an bhfíric sin,

8. Cuir in iúl (trí thic a chur leis) an tréimhse iomchuí aighneachta nó breathnóireachta (a nó b):
9. Ní foláir síniú an iarratasóra nó síniú agus SEOLADH TEAGMHÁLA an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a inscríobh.

10. Déanfar an dáta a chuirtear an fógra suas, nó a ndaingnítear é, ar an láithreán a inscríobh.

11. Is ceart don Iarratasóir a chinntiú i gcónaí gurb ionann na mionsonraí atá ann san Fhógra Láithreáin ceadaithe a thaisctear in éineacht leis an iarratas agus na mionsonraí atá ar taispeáint ar an láithreán.

**Nóta: Ní foláir an Fógra Láithreáin a thaispeáint ar chúlra bán. Má dhéantar dara hiarratas maidir leis an láithreán céanna laistigh de shé mhí ón tráth a rinneadh iarratas roimhe, áfach, ní foláir an Fógra Láithreáin le haghaidh an dara hiarratas sin a thaispeáint ar chúlra buí.**

**Tá sé mar aidhm leis an gceanglas sin a chur in iúl go soiléir do thríú páirtithe go bhfuil iarratas nua á dhéanamh.**

**Tabhair faoi deara: Níl feidhm aige sin maidir le hatíolacadh iarratas a eascraíonn as neamhbhailíochtú an iarratais bunaidh.**

**Ní foláir don iarratasóir an Fógra Láithreáin a chur suas tráth nach luaithe ná 2 sheachtain sula ndéantar an t-iarratas ar chead chun cabhrú le tríú páirtithe an t-iarratas a iniúchadh, agus ní foláir an Fógra Láithreáin a choimeád ina ionad ar feadh tréimhse 5 seachtaine ar a laghad ón dáta a fhaigheann Comhairle Contae Fhine Gall an t-iarratas pleanála agus is ceart é a bhaint anuas a luaithe is féidir tar éis na ceanglais a bhaineann leis na rialacháin maidir le ceadanna a bheith comhlíonta.**

**Is ceart an Fógra Láithreáin a athnuachan nó a athsholáthar láithreach má thagann sé chun bheith doléite nó má dhéantar damáiste dó nó má bhaintear anuas é laistigh den tréimhse 5 seachtaine.**

**Nóta: Tá na treoirlínte seo beartaithe chun cabhrú le daoine an Fógra Láithreáin a chomhlánú. Ní cuid de na rialacháin reachtúla iad agus ní ceart a mheas gur léiriú dlíthiúil iad. Moltar d'iarratasóirí na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), a cheadú chun ceanglais dhlíthiúla iomchuí a aimsiú.**